

Dearbhú atá le déanamh ag Comhpháirtíocht Theoranta Infheistíochta (CTI) nó Comhpháirtíocht Choibhéiseach (EP), chun críche Díolúine ó Cháin Iarchoimeádta Díbhinne (CID) (mar a fhoráiltear le Caibidil 8A, Cuid 6 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 – "an tAcht")



Ainm an CTI / EP:

Seoladh an CTI / EP:

Uimhir thagartha cánach / aitheantais an CTI / EP::

- Dearbhaím, agus an dearbhú seo á dhéanamh agam, de réir Alt 172C(3) den Acht, go ndéileáiltear leis an CTI/EP thuasainmnithe mar dhuine a bhfuil teideal tairbhiúil aige chun na ndáiltí iomchuí a ndéantar an dearbhú seo ina leith, agus gur duine é dá dtagraítear in Alt 172C(2)(dc) den Acht, agus dá bhrí sin gur "duine eisiata" é chun críocha Chaibidil 8A de Chuid 6 den Acht.
- Geallaim, i gcás go scoireann an chuideachta thuasainmnithe de bheith ina "duine eisiata", go gcuirfidh mé é sin in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don "duine iomchuí" i ndáil leis na dáiltí iomchuí.

Sínitheoir Údaraithe:(Dearbhóir)

Teideal: (Mr. / Ms.etc.)

Ainm Priontála an tSínitheora anseo:

An cháil ina bhfuil an dearbhú á déanamh:

Dáta:

Tábhachtach:Ní mór an dearbhú seo a bheith sínithe ag oifigeach údaraithe de chuid an CTI / EP nó ag duine a bhfuil cumhacht aturnae acu ón CTI / EP. Nuair is cuí, ba chóir cóip den chumhacht aturnae a sholáthar mar thacaíocht leis an dearbhú seo.

Nótaí:

1. Féadfaidh "duine eisiata" dáiltí iomchuí a fháil ó chuideachtaí a chónaíonn in Éirinn gan Cáin Iarchoimeádta Díbhinne a asbhaint i gcás go bhfuil an duine eisiata ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun na ndáiltí iomchuí agus sa chás go ndearnadh dearbhú don "duine iomchuí". Tá le "duine eisiata", i ndáil le dáileadh iomchuí, an bhrí a shanntar dó le hAlt 172C(2) TCA 1997.

2. Sainmhínítear "**duine iomchuí**" mar:

cuideachta atá lonnaithe in Éirinn a dhéanann dáileadh iomchuí go díreach leis an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chun an dáilte;

idirghabhálaí cáilitheach, i gcás ina ndearnadh an dáileadh ábhartha go hindíreach chuig an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige chun an dáilte tríd an idirghabhálaí cáilitheach sin; Ina theannta sin, i gcás ina ndéantar dáiltí ábhartha trí **ghníomhaire iarchoimeádta údaraithe**, téann an gníomhaire sin isteach go héifeachtach i mbróga na cuideachta, agus is é an "duine iomchuí" é i ndáil leis na dáiltí.

3. Ní fhéadtar díolúine a fháil ón gCáin Iarchoimeádta Díbhinne ach i gcás go dtugtar dearbhú comhlánaithe don "duine iomchuí". Má tá an dearbhóir ag déileáil go díreach leis an gcuideachta Éireannach atá ag íoc, cuir an dearbhú comhlánaithe seo ar aghaidh chuig an gcuideachta sin atá ag íoc. Má tá an dearbhú seo á dhéanamh ag an dearbhóir trí idirghabhálaí cáilitheach nó trí ghníomhaire iarchoimeádta údaraithe, seol an dearbhú comhlánaithe seo ar ais chuig an idirghabhálaí nó gníomhaire sin.

4. Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim liosta idirghabhálaithe cáilitheacha agus gníomhairí iarchoimeádta údaraithe. Más mian leat a fháil amach an bhfuil an t-idirghabhálaí is mian leat a úsáid i ndáil leis na dáiltí iomchuí údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an Achta, cliceáil ar an nasc seo a leanas: <https://www.revenue.ie/en/companies-and-charities/documents/dwt/list-authorized-withholding-agents-qualifying-intermediaries.pdf>.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar www.revenue.ie.

Chun teagmháil a dhéanamh le Rannóg CID:

Fón: +353 1 738 3631

R-phost: infodwt@revenue.ie

